

SGÉUL LIAM UI CHORRÁIN. (CORADHAIN.)

Fear abhí ann abhí ina chomhnaidhe thíos sa Spidéal níl sé a bhfad ó choin – má ta sé cupla céad bliain. Bhí sé pósta. Fear óg abhí ann léis a phosta agus sé'n cheird abhí aige a gul treasna trí Eirinn ina cheannaidh mála a díol stocaí agus mar sin agus a tabhairt neithe eile leis a theastuigh, sa mbealach agus bhí sé deanamh roinnt airgid. Bhí sé ansoin lá i mBaile an Róba agus tháinig sé isteach i dteach óil agus tháinig bean isteach ina dhiadh agus ciseán aici agus bheannuigh sí dhó ina ainm agus ina shloinneadh agus ní raibh fhios aige beo cé hí fhein. Bhlaoidh sé pionta pórtair dó fhéin agus d'ól sé é.

Chuaidh an bhean anonn agus thug sí cogar do fhear an tsiopa agus ní raibh fhios ag Liam cerd abhí siad a rádh le chéile. Bhuaíl sí amach. "Caithfidh mé dhul amach" adeir sí agus gheobhfaidh mé i siopa eicint eile é. Bhí ciseán aice agus leag sí ar an gcúntar é. Nuair a chuaidh an bhean amach líon an fear gloinne fuisge do Liam agus dubhairt sé leis í ól. "Ní ólfadh muise" adeir Liam. "Tá mo dhóthain ólta agam." "Cé'n mhaith don bhean sin í a ghlaoidheach dhuit mar a nólfaidh tú í" adeir fear an tsiopa "ar ndóigh tá aithne agat uirthi." "Níl muise" adeir Liam "ní fhaca mé ariamh í nú má chonnaiceas níl fhios agam é.

Níl fhios agam cér'd tá sa gciseán aice" adeir fear an tsiopa agus d'oscail sé é agus cér'd a bheadh thíos ann ach páisde marbh. "D'ar fiadh a Liam" adeir sé "tá do dhóthain deanta agat bhí aithne mhaith ar an mbean sin a'd." "Níl aon aithne a'm sa uirthi" adeir Liam "Sgarr uainn sgéula" adeir an fear. Ní dhearnaigh sé aon bhlas ach an doras a dhunadh agus sgéala a chur amach ag an ngarda an taobh eile. Tháinig an gárda isteach agus measg a dtáinig tháinig isteach tháinig gárda póilí a bhí arthuightha as an Spidéal cupla lá roimhe sin agus aithne aige ar Liam.

Nuair a thaáinig sé isteach dubhairt fear an tsiopa go dtáinig bean isteach agus páiste marbh aici sa gciseán agus nuair a tháinig sí isteach go raibh aithne aici ar Liam gur bheannuigh sí dhó ina ainm. "Cosaimhail a Liam" adeir an póilí "gur ortsa atá an páisde marbh nú cé'n bealach abhí ann." Nuair a tháinig an bhean isteach" adeir Liam "thug sí fhéin agus an fear seo cogar dhá chéile agus dubhairt sé gur ghlaogh sí gloine fuisge dhom agus go gcaithfheadh sé go raibh aithne agam uirthi. Agus dubhairt mise nach raibh." "Tá aithne agamsa ort sa a Liam" adeir an póilí "agus má bhí tú a dul thart fhéin ní raibh aon bheallach dhen tsort sin leat ach caithfheadh sé nuair a chuaidh siad a cogarnáil gur triuc (bara a gcomhairle a chur i dteannta a chéile) abhí eattortha ach caithfear an bhean a thóuighrecht agus ansoin beidh fhios é.

"Meas tú anois" adeir an póilí má thugtar an bhean an do láthair – sa a n-aithneochá í." "D'aithneochainn" adeir Liam mar a gcuirfidh sí rud a' bith eile uirthi fhéin." "Béidir gur gearr uait í" adeir an póilí. Chuaidh sé amach agus thug sé isteach an cailín abhí sa taobh eile

de'n teach. "A b'inn í" adeir sé "Sí" adeir Liam. Féadfaidh tusa a Liam" adeir sé imteacht rud a' bith atá ann nios mú féadfaidh sí fhéin agus é fhéin é roinnt le na chéille.

Bhí Liam annsoin a siubhal leis agus an teach a mbíodh sé ann a gcomhnuidhe níor shroich sé chomh fada leis an oidhche seo. Ach chonnaic sé solus agus thriall sé ar an solus agus nuair a tháinig sé isteach bhí bean istigh roimhe, agus teine bhreagh thíos aici agus pota ar an teine aici. D'iarr sé lóistín uirthi "Sin é an rud cendhna nach bhfuil le fágáil a'd" adeir sí "Fanfaidh mise istigh gan bhuidheachas duit" adeir sé. "Féadfaidh tú fanacht istigh gan bhuidheochas dhom-sa" adeir sí ach ní fhanfaidh tú istigh nuair a thíochfaidh m' fhear isteach." "Mar a bhfuil sé ina fhear mhaith " adeir sé "ac is mór a nídh thusa bheith a chonghnamh dhó." Ní mórán achair go dtáinig an fear isteach agus caora mhór aige. Níl ann ach go raibh sé i ndon í chur isteach an doras. Bheannuigh sé dho Liam agus bheannuigh Liam dhó. Tarringeadh aníos an pota fataí de'n teine agus leagadh aníos pláta feola. Dubhairt sé le Liam suidhe isteach agus a bheith ag ithe. "Ní mór dhuit a bheith in tfhear mhaith ar ball" adeir sé "beidh fhios am-sa cé's fearr mé fhéin ná tusa." Nuair abhí a ndóthain ithe acab ansoin thosuigh sé a' gul a' feannadh na caorach i bhfuil aon mhaith leat a feanna?" adeir sé. "Níl" adeir Liam, ach coinneóchaidh mé dhuit í."

Chuaidh sé a coinnéal na caorach agus aireachas mór aige air mar ní raibh aon trust aige as nuair a chonnaic sé an sgian aige. Ní raibh ann ach go raibh siad tosuighthe nuair a d'airigh Liam an teach lasta, chonnaic sé na h-aithinneachaí a tuitim anuas thrí mhullach an tígh. "Conghnamh" adeir an fear "Oibrigh leat é" adeir Liam agus rith sé. Bhí sé imteacht leis thrí mhúchadh agus thré bháthadh nú go dtáinig sé ag an teach a mbíodh sé a gcomhnuidhe ann. Nuair abhí sé ag an doras "seo é Liam" adeir fear a tigh. D'eirigh sé agus leig sé isteach é. "D'teastuigheann rud le nithe uait a Liam" adeir sé. "Ní theastuigheann" adeir Liam "gabhaidh mé a chodhladh."

Dé Domhnaigh abhí ann la'r na mháireach agus níor éirigh sé gur chuala sé beirt fhear a tigheacht isteach mar bheadh siad ag an Aifreann. "Bhfuil aon agéul nuaidhí agaibh" adeir fear a tigh. "Tá muise" adeir siad "gur dóigheadh teach an ghadaí uilig aréir, níl blas dhe nach bhfuil dóighte iniú." "Is maith a sgéul é sin" adeir fear a tigh.

D'fhan Liam an lá sin ann nú gur leig sé a sgíth go maith agus ní bhfuail sé caideis do ghadaí na do chreamhaire gur imtigh sé ar maidin Dé Luain ar a thriall ar an mbaile. Bhí sé druidim leis an mbaile ansoin agus chonnaic sé beirt fhear agus bean istigh eattorthab agus iad dá tabhairt leóthab agus nuair a chonnaic an bhean Liam d'fhuagair sí a corp agus a hanam ar Liam "Is ann duit" adeir Liam ach ní mórán fhéadfas mise a dheanamh dhuit" a teacht agus a bualadh duine acab de mhaide agus chuir sé an fear as greim. Agus ansoin bhuail sé an fear eile agus bhuail an bhean a choughnamh dó agus thug sé an bhean uathab.

Thug sé leis abhaile aige fhéin ansoin san oidhche í. Lá'r na mháireach annsoin nuair a d'eirigh sí chuaidh sí abhaile aici fhéin – in aice cuide de na Forabacha ba as í. Faoi cheann sechtaine arist tháinig an bhean agus beirt fhear a ceapadh nach raibh sé pósta go bpósfhadh sé í agus dubhairt Liam go raibh sé pósta agus chuaidh siad abhaile aríst ansoin. Faoi cheann seachtaine ina dhiadh sin tháinig sgata chomh fada leis agus leagadar an teach air agus bhaineadar deich ngine fhichead de agus dhíbrigheadar ar súl (srúl) é agus tháinig

sé go Ros Dúgáin in aice le Cill Chiaráin, Chárna. Sin é bunadh na gCorruíneacha atá i Ros Dúgáin agus tá tuille acab scaipighthe ar fud na paráiste Chárna.

7.10.43

Nóta.

Deir Seosaimh O Mongáin as Cárna gur an – saortha – cloch amach is amach a b'éadh muinntir Chorráin seo as Ros Dugáin. Siad a rinne Cloghar na Trócaire i gCárna. Bhí duine eile acab ina an – spealladóir deir Seosaimh go b'é an spealladóir is fearra bhí i bparáiste Chárna ná sa taobh tí re seo ariamh é. Ní i Ros Dúgáin abhí an spealladóir seo ina chomhnuidhe ach san Áird Mhóir ach do réir an tuairisg a thug Micilín sa sgéul dhe aon ghineall amháin iad.